

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

503

EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - ARDLEIBHÉAL

DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30

SÉ CHEIST A FHREAGAIRT

1. Freagair sé cheist ar bith díobh seo a leanas:

- (a) Luaigh dhá dhifríocht atá ann idir cealla i bplanda agus cealla in ainmhí.
- (b) Ainmnigh orgánach ainmhí amháin atá tábhachtach i gcúrsaí talmhaíochta agus atá le fáil i ngach ceann de na filim seo leanas:
Annelida, Mollusca, Arthropoda.
- (c) Ainmnigh cothaitheach mianrach planda amháin atá le fáil i ngach ceann díobh seo a leanas:
sciodar muc, aolchloch.
- (d) Déan rangú ar na carraigreacha seo a leanas: eibhear, marmar, basalt.
- (e) Bain úsáid as léaráid lipéadaithe chun na codanna seo leanas d'fhungas an mhúscáin aráin *Mucor* a léiriú: micé i liam, spóragán, hífi.
- (f) Ainmnigh dhá shaintréith a bhaineann le bláth ar phlanda atá rangaithe san fhine Compositae.
- (g) Bain úsáid as léaráid lipéadaithe chun a thaispeáint cén áit sa síol eorna ina bhfuil an colg suite.
- (h) Luaigh trí shaintréith a bhaineann le síol deimhnithe.
- (i) Tabhair dhá chúis lena moltar uanaíocht na mbairr a chleachtadh i bhfeirm curaíochta.
- (j) Déan cur síos ar na saintréithe a bhaineann le talamh féaraigh buan.

(60 marc)

- 2. (a) Breacrianaigh na gnáis oibre a d'úsáidí sa tsaotharlann chun struchtúr agus comhshuíomh samplaí ithreach ó ionaid éagsúla ar fheirm curaíochta a chur i gcomparáid lena chéile.
- (b) Déan cur síos ar thrí bhealach ina dtéann cumasc, ina bhfuil cailciam mar chornhábhar, chun tairbhe d'ithir.
- (c) Luaigh ceithre thoisic a théann i bhfeidhm ar dhraenáil agus aerú ithreach.

(48 marc)

3. (a) Luaigh na buntáistí a bheadh ann d'fheirmeoir sadhlas a tháirgeadh i gcornaí seachas i bhfóireacha dinge i sadhlann.
- (b) Mínigh mar a théann an céatadán fliuchrais i bhféar, nuair a déantar sadhlas as, i bhfeidhm ar:
- (i) cáilíocht an tsadhlais
- (ii) táirgeadh eisiltigh.
- (c) Déan cur síos ar na fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar an gcinneadh faoin leibhéal innilte agus faoin méid féir nó sadhlais le táirgeadh ar fheirm.

(48 marc)

NÓ

3. (a) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:
- (i) Dálaí barrmhaithe imshaoil in aonad cráinbhreithe.
- (ii) Stóráil barra gráin ar fheirm i rith an gheimhridh.
- (iii) Sláinteachas agus srianadh galair sa bhleánlann.
- (b) Mínigh mar a théann gach ceann díobh seo leanas i bhfeidhm ar chóimheas comhshóite bia (FCR) in aonad táirgthe muc:
- (i) pór (ii) cothú
- (c) Déan idirdhealú idir na cleachtais bhainistíochta agus chothaithe a úsáidtear in aonad táirgthe muc do bhainbh scoite agus do ramhráitheoirí.

(48 marc)

4. (a) Tabhair cuntas ar mhodh oibre saotharlainne chun **dhá cheann** ar bith díobh seo leanas a dheimhniú:
- (i) Láithreachtaí baictéar i mbainne.
- (ii) Ribeadas i ngas planda.
- (iii) Gníomhaíocht einsíme ainmhí a ainmníonn tú.
- (iv) An méid siúcra i mbiatas de réir dálaí aimsire éagsúla..

(48 marc)

5. (a) Mínigh na hathruithe i gcórais tithíochta agus chothaithe a d'fhéadfadh tarlú do laonna a mbeirtear san earrach idir an chéad agus an dara tréimhse beathaithe geimhridh.
- (b) Tabhair cuntas, maille le léaráid shimplí, ar éagsúlacht na saintréithe i gcruithanna coirp i gcás eallaigh mhairteola agus eallaigh dhéiríochta i bpórtha a ainmníonn tú.
- (c) Déan cur síos ar na buntáistí atá ann do thréad déiríochta nuair a cheadaítear tréimhse réasúnta scíthe idir deireadh na tréimhse lachta agus breith lao.

(48 marc)

6. (a) Míniú cén fáth a d'fhéadfadh córas iníor uainíochta a bheith níos torthúla ná córas stocála socraithe i bhfiontar mairteola.
- (b) Déan cur síos ar thurgnamh allamuigh a rinne tú chun tionchur innilte ar fhás réimse plandaí fóna a scrúdú ar thalamh féaraigh buan.
- (c) Míniú cén fáth a mbíonn beatha thacúil mar chuid den aiste bia ag beagnach gach ainmhí feirme.

(48 marc)

7. (a) Míniú gach ceann de na focail seo a leanas: ceintreasóm, géinitíopa, hibrid.
- (b) Míniú an dara ceann de dhlíthe oidhreachtúlachta Mhendel agus úsáid á baint agat as crosáil dhéhibrideach.
- (c) Tabhair cuntas, agus úsáid á baint agat as sampla oiriúnach, den tábhacht a bhaineann le gnás an aischrosála sa ghéineolaíocht.

(48 marc)

8. Freagair **dhá cheann** ar bith díobh seo leanas:

- (a) Agus léaráid lipéadaithe á húsáid agat cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht an struchtúr atá ag gas ainmnithe monacotailéadónach agus ag gas ainmnithe déchotailéadónach..
- (b) Leag amach turgnamh saotharlainne nó turgnamh allamuigh chun ráta ionsúite uisce i bplandaí a chur i gcomparáid lena chéile.
- (c) Míniú conas a dhéanfa an toradh in aghaidh an heicteáir i dtonnaí a mheas nuair atá ceann amháin de na barra feirme seo á bhaint: prátaí margaidh nó biatas siúcra.

(48 marc)

9. Tabhair míniú eolaíoch ar **cheithre cinn** ar bith díobh seo a leanas:

- (a) Céatadán íseal de ráta bunaíochta i ngort d'eorna gheimhridh.
- (b) Gáis á dtáirgeadh in umar sciodair.
- (c) Éagsúlacht i líon agus i méid na bpéacán ar phrataí a bhí i dteagmháil le réimse teochtanna sa tsaotharlann.
- (d) Ardmhinicíocht tom d'fhéara neamhthorthúla i mbáinseach fhéaraigh.
- (e) Toilleadh uisce níos ísle i mbia nuair a théann sé isteach i ngoile ainmhí athchogantaigh.

(48 marc)